



***TUARASCÁIL AR AN gCEATHRÚ CRUINNIÚ AG FÓRAM
EACNAMAÍOCH ÉIREANNAIGH AN DOMHAIN
19-21 SAMHAIN 2015***

Clár an Ábhair

	Leathanach
Achoimre Feidhmiúcháin	3
1 Réamhrá	4
2 Cruinnithe Réigiúnacha	6
3 Painéal Tosaigh an Fhórait	10
4 Seisiún Scoite an Fhórait	16
5 An Seisiún Clabhsúir	24
6 Comhairle agus Moltaí	26
Aguisín	34

Achoimre Feidhmiúcháin

Eagraíodh Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain den ceathrú huair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 20-21 Samhain 2015. Díreach roimhe sin, eagraíodh cruinnithe réigiúnacha de chuid an Fhórait i nDoire, i nGaillimh, i Luimneach agus i gContae Laoise ar an 19 Samhain lenar bhain seisiúin meantóireachta agus caidrimh dírithe ar earnálacha faoi leith.

Mar a tharla ar na hócáidí roimhe seo, tháinig comhaltaí an Líonra Domhanda Éireannach le chéile i mbun cainte le hAirí Rialtais, Airí Stáit, oifigigh sinsearacha, uachtaráin fhorais tríú leibhéal, teachtaí de chuid an fhreasúra agus ceannairí gnó in Éirinn. Ar aon dul le cruinnithe eile den Fhóram roimhe seo, tugadh cuireadh do chomhaltaí uile an Líonra Domhanda Éireannach a theacht i láthair ag Fóram na bliana 2015. Iarradh ar na rannpháirtithe aghaidh a thabhairt ar an am atá romhainn agus athshamhlú a dhéanamh ar Éirinn de réir mar a leanann an fhorbairt agus an forás eacnamaíochta tar éis a raibh de dheacrachtaí le sárú le blianta beaga anuas.

Leagadh béim faoi leith ar earnálacha áirithe a bhfuil i ndán go dtiocfaidh forás orthu agus breis fostaíochta dá réir. Bhí seisiúin iomlánacha, díospóireachtaí painéil agus seisiúin sainiúla earnála ar siúl i rith an dá lá agus faoi mar a tharla ag Fórait roimhe seo, ba mhinic gur ó na seisiúin shainiúla a d'eascair torthaí sonracha.

Bhí na seisiúin sin dírithe ar roinnt réimsí faoi leith a bhféadfadh borradh mór a theacht orthu agus a bhféadfadh an Líonra Domhanda Éireannach tairbhe mhór a dhéanamh ina leith; brandáil dhomhanda ar thionscal seirbhísí airgeadais na hÉireann, craobhchóras caidrimh maidir le alumni choláistí na hÉireann uile agus forbairt bhreise ar ghné an ghnó den chaidreamh leis an diaspora.

Chuir na rannpháirtithe moltaí chun cinn i rith an Fhórait agus tá Aonad na nÉireannach thar Lear sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i mbun an chaidrimh leis na Ranna agus na Gníomhaireachtaí Rialtais maidir le plé a dhéanamh ar na torthaí a thagann faoina gcúram.

1. Réamhrá

Eagraíodh an ceathrú cruinniú d'Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 20-21 Samhain 2015. Eagraíodh cruinnithe réigiúnacha de chuid an Fhórait i nDoire, i nGaillimh, i Luimneach agus i gContae Laoise díreach roimhe sin, ar an 19 Samhain.

Ba é téama ginearálta a bhain le Fóram na bliana 2015 bisiú ar bhealach sochothaithe buan a thabhairt i gcrích maidir leis an eacnamaíocht atá i mbéal forbartha. Dhírigh an Fóram ar thrí cinn de cholúin a mbaineann gnéithe forbheartacha leo d'fhonn cuidiú le hÉirinn na linne seo romhainn a thabhairt i gcrích:

- Forbairt Eacnamaíochta - forás inbhuanaithe a chur chun cinn go meántéarmach agus go fadtéarmach;
- Athshamhlú na hÉireann - an oidhreacht a fhágfar ar na glúnta atá le theacht a chruthú anois; agus,
- Ionad na hÉireann sa domhan - an freagra a thugann an t-oileán domhanda seo ar dhúshláin idirnáisiúnta.

Leagadh béim faoi leith ar roinnt bheag earnálacha a bhfuil i ndán go dtarlóidh forás tréan agus cruthú fostaíochta iontu, ina measc seirbhísí airgeadais, oideachas idirnáisiúnta, taighde agus nuáil, talmhaíocht agus bia agus eacnamaíocht na cruthaitheachta.

Ar aon dul le cruinnithe eile den Fhóram roimhe seo, tugadh cuireadh do chomhaltaí uile an Líonra Domhanda Éireannach a theacht i láthair ag Fóram na bliana 2015. Tá tuairim is 350 duine atá lonnaithe in os cionn 40 tír sa Líonra a cuireadh ar bun sa bhliain 2010, Éireannaigh nó daoine a bhfuil ceangal acu le hÉirinn, agus is iontach an acmhainn don tír iad maidir le saineolas idirnáisiúnta.

Ceannairí ghnólachtaí in Éirinn agus geallsealbhóirí eile i gcúrsaí eacnamaíochta, mar aon le hearnáil an Rialtais agus earnáil an oideachais tríú leibhéal an dara dream rannpháirtithe ag san Fhóram.

Bhí seisiúin iomlánacha, díospóireachtaí painéil agus seisiúin sainiúla eárnála ar siúl i rith an dá lá.

Faoi mar a tharla ag Fórait roimhe seo, ba mhinic gur ó na seisiúin shainiúla a d'eascair torthaí sonracha. Bhí na seisiúin sin dírithe ar roinnt réimsí faoi leith a bhféadfadh borradh mór a theacht fúthu agus a bhféadfadh an Líonra Domhanda Éireannach tairbhe mhór a dhéanamh ina leith; brandáil dhomhanda ar thionscal seirbhísí airgeadais na hÉireann,

oideachas idirnáisiúnta, craobhchóras caidrimh maidir le alumni choláistí na hÉireann uile agus forbairt bhreise ar ghné an ghnó den chaidreamh leis an diaspóra.

Mar gheall ar a fheabhas a d'éirigh leis na seisiúin le hearnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide ag Fóram na bliana 2013, cuireadh seisiúin meantóireachta agus caidrimh maidir le hearnálacha faoi leith ar siúl mar chuid den cheathrú Fóram freisin. Is é cuspóir a bhí leo sin scrúdú agus forbairt a dhéanamh maidir le bealaí ina bhféadfaí, trí shaineolas dhaoine den Líonra agus a gcuid eolais ar mhargaí faoi leith, cuidiú le comhlachtaí de chuid na hÉireann forás a dhéanamh agus fostaíocht a chruthú in Éirinn. Leagtar an clár iomlán amach in Aguisín 1.

I rith an dá lá plé agus cainte i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, cuireadh moltaí chun cinn maidir le hábhar machnaimh agus beartaíochta ag an Rialtas. Leagtar amach sa Tuarascáil seo na nithe a tugadh i gceist agus sonraítear na moltaí a ndéanfaidh na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit cuí gníomhartha leantacha ina leith. Leagtar amach tuairisc achoimre ar gach seisiún iomlánach agus gach seisiún sainiúil thíos. Nuair is cuí sin, sonraítear na príomhcheistanna maidir le bearta leantacha agus tugtar liosta cuimsitheach den 50 ceist sin ag deireadh na tuarascála ar leathanach 25.



An Ceathrú Cruinniú d'Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath



An Taoiseach Éanna Ó Coinnigh T.D. agus an tAire Gnóthaí Eachtracha Cathal Ó Flanagan T.D. ag an gCeathrú Cruinniú d'Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath.

2. Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain - Cruinnithe Réigiúnacha

Chun cinn ar Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, eagraíodh ceithre cinn de chruinnithe réigiúnacha i nGaillimh, i Luimneach, i nDoire agus i gContae Laoise. Thug sin deis caidrimh sna lárionaid réigiúnacha le comhaltaí de chuid an Líonra Domhanda Éireannach chomh maith le teacht go maith le Plean Gníomhaíochta Réigiúnach an Rialtais maidir le Poist.

Pléadh roinnt de théamaí ginearálta an Fhóram le comhaltaí de chuid an Líonra Domhanda Éireannach ag na cruinnithe réigiúnacha agus tugadh cuid den lón eolais a cruinníodh ar ais ag an díospóireacht i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Mar a chéile le cruinnithe réigiúnacha tráthanna eile a raibh an Fóram ar siúl roimhe seo, thug a leithéid a thionól deis tionchar an Fhóram a scaipeadh níos fairsinge ná Baile Átha Cliath amháin. Eagraíodh seisiúin éagsúla maidir le meantóireacht agus forbairt gnó freisin sna lárionaid réigiúnacha ag a raibh deis thairbheach an saineolas atá ag daoine sa Líonra Domhanda Éireannach a chur ar fáil do chomhlachtaí áitiúla ar mian le forás de réir scála a dhéanamh go hidirnáisiúnta.

Seo a leanas an clár a bhain le gach ceann de na seisiúin réigiúnacha:

Doire	
Cur síos ar an mbeocht a bhaineann le comhlachtaí nuathionscanta i réigiún an Iarthuaiscirt, fiontair shóisialta áitiúla den nuáil ina gcothaítear daoine óga cumasacha agus an chomharobair eacnamaíochta níos ginearálta ná sin san Iarthuaisceart.	
Peter Casey	Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Claddagh Resources
Elizabeth Francis	Bunaitheoir, Atelier Francis
Colin McClatchie	Cathaoirleach, Prescient
Caroline Murphy	Díolachán agus Caidreamh Gnó, Siam Piwat Co. Ltd
Stella O’Leary	Bunaitheoir agus Uachtarán, Irish American Democrats
Naomi Scott	Príomhionadaí, Anglo American Mozambique
Susan Walsh	Stiúrthóir/Déan, Globe Business College, Munchen
<i>Eagraíodh an ócáid seo i gcomhar le Northern Irish Connections, Northern Ireland Science Park, IT Leitir Ceanainn, Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Bháin agus Chomhairle Chontae Dhún na nGall .</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • Seisiún meantóireachta le 10 gcinn de chomhlachtaí nuathionscanta/comhlachtaí beag agus meán mhéide (5 cinn atá lonnaithe i nDún na nGall, 5 cinn i nDoire) • Cruinnithe le ceithre cinn d’eagraíochtaí pobail a oibríonn le daoine óga i nDoire • Caidreamh le 12 comhlacht mór atá lonnaithe i gceantar an Iarthuaiscirt (e.g. Randox, Seagate) 	

Gaillimh	
Léargas ar Ghaillimh mar a fheictear an áit do thionscal Theicneolaíocht an Leighis ansin atá ar scoth an domhain, feachtais maidir le haitheantas cultúrtha agus nuáil uirbeach.	
Brian Barry	Cathaoirleach, Tirna Partners
Gerard J. Barry	Stiúrthóir, DeBarra Innovations Ltd.
Brian D. P. Buckley	Bainisteoir Stiúrtha, Buckley Executive Energy Consultants
Kevin Conboy	Uachtarán, Irish Chamber of Atlanta
Gerard Creaner	Uachtarán, Get Reskilled Inc
Gearóid Faherty	Cathaoirleach, Eurand N.V.
Joe King	Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Molex Inc.
William McLaughlin	Bunaitheoir, Irish American Business Chamber and Network Inc.
Maurice O’Gorman	Iar-fheidhmeannach Sinsearach, NCB Capital
Catherine Toolan	Bainisteoir Stiúrtha, Tograí Speisialta, Aramark International
<i>Eagraíodh an ócáid seo i gcomhar le hOÉ Gaillimh agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe</i>	

- Cruinniú comhchéime dírithe ar earnáil Theicneolaíocht an Leighis atá faoi bhláth san Iarthar. Deis iontach ag comhaltaí an Líonra caidreamh a dhéanamh le comhlachtaí nuathionscanta a bhfuil earra ullamh acu i réimse na bhfeistí leighis, comhlachtaí seanbhunaithe in earnáil Theicneolaíocht an Leighis atá lonnaithe i nGaillimh agus tuiscint a fháil ar an gcúis go gceaptar Gaillimh le héiceachóras den scoth maidir le Teicneolaíocht an Leighis. Ar na comhlachtaí a bhí páirteach ann, áirítear Aerogen, Advant Medical agus Merit Medical, Ireland.
- Seisiún faoin teideal 'Gaillimh Nua', inar díriodh aird ar Cheantar Nuálaíochta Chathair na Gaillimhe, cuspóirí na Gaillimhe maidir le 'Cathair Chliste', Foras na Mara agus iarratas na Gaillimhe maidir lena hainmniú ina Réigiún Eorpach Gastranamaíochta 2018 agus Cathair Eorpach an Chultúir 2020.

Contae Laoise

Deis caidreamh a dhéanamh le daoine atá chun tosaigh i dtionscal na gcapall agus i dtionscal na talmhaíochta agus an bhia ar fud an domhain agus tairbhe a dhéanamh d'fhorbairt na fiontraíochta i gContae Laoise agus sa réigiún Lár Tíre.

John Conroy	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Acton Holdings
Jackie Gilna	Uachtarán, International Enterprise Partners Inc. (IEPCAN)
Mary McKenna	Fiontraí i gCúrsaí Teicneolaíochta & Comhbhunaitheoir, Northern Ireland Science Park
Mary-Ann O'Brien	Seanadóir & Cathaoirleach, Lily O'Brien's
Dermot Rowan	Bainisteoir Stiúrtha & Comhúinéir, Kiely Rowan plc.

Eagraíodh an ócáid seo le Comhairle Chontae Laoise agus leis an Coolmore Stud

- Bhí tuairim is 80-100 duine i láthair ó earnáil an ghnó agus an rialtais áitiúil
- Plé painéil maidir le hearnáil na talmhaíochta agus an bhia faoi anáil Straitéis Food Wise – 'Local Roots, Global Reach'
- Plé bríomhar faoin teideal 'Connecting Laois to do Better Business' le cúigear de lucht gnó an cheantair
- Seisiún meantóireachta le cúigear fiontraí óg.

Luimneach

Scrúdú ar ghluaiseacht Luimnigh as seo go dtí 2030 – go mbeidh ina cathair agus ina réigiún Eorpach den chruthaitheacht agus den nuáil.

Bob Brannock	Uachtarán, International Protection, Genworth Financial
Loretta Brennan Glucksman	Cathaoirleach Emeritus, The American Ireland Fund
Margaret Burgraff	Leas-Uachtarán, Software & Services Group agus Bainisteoir Ginearálta, Intel Services Group
Susan Davis	Cathaoirleach agus Bunaitheoir, Susan Davis International
John Hartnett	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bunaitheoir, ITLG agus SVG Partners
PJ Hough	Iar-Leasuachtarán Corparáide, Microsoft
Conor McEnroy	Bunaitheoir agus Cathaoirleach, Abbeyfield Group
Tim O'Connor	Cathaoirleach, The Gathering

Eagraíodh an ócáid seo i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Chontae Luimnigh agus le Fóram Eacnamaíochta Luimnigh

- Plé díospóireachta le Fóram Eacnamaíochta Luimnigh maidir le Luimneach 2030 go háirithe 2030 – plean forbartha eacnamaíochta €250 milliún
- Cur i láthair maidir le hiarratas Luimnigh d'fhonn a ainmniú ina Chathair Eorpach an Chultúir 2020
- Ócáid taispeántais maidir le Luimneach 360 lenar bhain cúrsaí ardoideachais, aosú stuama, nuáil agus teicneolaíocht



Seisiún Lucht Fiontraíochta na hÉireann, Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath



Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath

3. Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain - An Plé Painéil Tosaigh

Cuireadh tús leis an bhFóram Dé hAoine, an 20 Samhain, le haitheasc ón Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh T.D., ón Tánaiste Joan Burton T.D. agus ón Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Cathal Ó Flanagáin T.D. Bhí Fionnuala Sweeney, craoltóir agus iriseoir, ina Máistreás Searmanais ar feadh an dá lá. Thug Dara Ó Briain agus David Mc Williams cainteanna uathu freisin le linn an tseisiúin oscailte.

Bhí dhá phlé painéil ar siúl freisin le linn sheisiúin oscailte an Fhórait maidir le lucht fiontraíochta na hÉireann agus ionad na hÉireann in eacnamaíocht an domhain. Seo a leanas na príomhthéamaí a tháinig chun cinn lena linn sin:

<i>'Fiontraihte Éireann – Forás Fáistine'</i> <i>Caisleán Bhaile Átha Cliath, Printworks, Dé hAoine, an 20 Samhain 2015</i>	
Modhnóireacht	Conall Ó Móráin, Bainisteoir Stiúrtha, The Media Group.
Aoichainteoir	Risteárd de Briotún, T.D., An tAire Post, Fiontar & Nuálaíochta
Lucht an Phainéil:	
Lauren Boyle	Cailín Digiteach Eorpach na Bliana

Damien Kennedy	Bunaitheoir, Whey Hey, IIBN
Mary McKenna	Fiontraí i gcúrsaí Teicneolaíochta & Comhbhunaitheoir, Northern Ireland Science Park
Connor Murphy	Bunaitheoir, Datahug
Iseult Ward	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Bunaitheoir, Foodcloud

Tar éis cur i láthair réamhráiteach ón aoichainteoir agus ó lucht an phainéil, tugadh na ceisteanna seo a leanas chun cinn:

- An gá scrúdú a dhéanamh ar dhreasachtaí cánach faoi mar a thairgtear do lucht infheistíochta ionas go gcinntítear go mbíonn Éire tarraingteach i gcomórtas le tíortha eile atá ag féachaint le hinfeistíocht agus FDI a mhealladh.
- An tábhacht chinniúnach atá le scileanna margaíochta agus díolacháin maidir le forás de réir scála a thabhairt ar chomhlacht go hidirnáisiúnta - is tionscnamh tábhachtach ina leith sin an *International Selling Programme* atá ar bun ag Fiontar Éireann.
- An ról tábhachtach atá le meantóirí maidir le cúnamh a thabhairt d'fhiontraithe agus iad ag teacht chun cinn.
- Na deacrachtaí faoi leith a bhíonn ag fiontraithe mná maidir le teacht ar chistí tionscanta agus an drogall a bhíonn ar mhná óga agus ar chailíní tabhairt faoi chódáil agus a leithéid a bhfeictear gur buachaillí agus fir is mó a théann ina mbun nó gur orthusan is mó atá siad dírithe.

<i>'Ionad na hÉireann in Eacnamaíocht an Domhain'</i>	
<i>Caisleán Bhaile Átha Cliath, Printworks, Dé hAoine, an 20 Samhain 2015</i>	
Modhnóireacht	Seán Whelan, RTÉ
Lucht an Phainéil	
Avril Conroy	Stiúrthóir Diolacháin Réigiúnach, Rosneft
Irial Finan	Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, Coca-Cola US
Niall FitzGerald	Cathaoirleach, The Leverhulme Trust
Ann B. Kelleher	Leas-Uachtarán TMG, Intel US
Martin Shanahan	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland

Tar éis do lucht an phainéil cur i láthair réamhráiteach a dhéanamh, tugadh na ceisteanna seo a leanas chun cinn:

- An tábhacht atá le straitéisí eacnamaíochta fadtéarmacha uileghabhálacha de chuid an Rialtais ionas gur féidir infheistíocht a mhealladh. Bíonn cinneadh chuideachtaí maidir le hinfeistíocht bunaithe ar thréimhse 10-20 bliain. Tá buntábhacht dá bhrí sin, i ndáil le hinfeistíocht a mhealladh, le seasmhacht maidir le cúrsaí cánachais, polaitíochta agus córas rialúcháin.
- Tá comhlachtaí i mbun 'cogaíochta' maidir le daoine cumasacha agus ní mór d'earnáil an oideachais in Éirinn, ón mbunscolaíocht go dtí leibhéal na hiarchéime, an dúshlán sin a shárú i gcomhthéacs tairbhe a dhéanamh maidir le forbairt leanúnach inbhuanaithe ar eacnamaíocht na hÉireann. Tá géarghá le hinfeistíocht leanúnach in earnáil an oideachais

ionas go gcoinnítear bunchloch scileanna in Éirinn agus go gcinntítear gur féidir freastal d'athrú ar a mbíonn de dhíth.

- Tá gá le straitéis fhadtéarmach uileghabhálach ionas go dtugtar margaí easpórtála tábhachtacha chun suntais, go háirithe margaí atá ar tí teacht chun cinn. D'fhéadfadh go mbeadh am i gceist le borradh a chur faoin easpórtáil ach ar an gcaoi chéanna a bhfuil an ceangal Angla-Mheiriceánach ina bhonnchloch faoi chúrsaí eacnamaíochta faoi láthair, d'fhéadfadh margaí áirithe san Áise a bheith ina bhonn daingean faoin bhforás eacnamaíochta san am atá romhainn. Tá deiseanna móra foráis i gceist leis an India agus leis an tSín.
- Ní mór forbairt bhreise maidir leis an gceangal digiteach in Éirinn.



Seisiún Sainiúil Ceisteanna & Freagraí ag Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath

4. Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain - Seisiún Shainiúla

Tráthnóna Dé hAoine, an 20 Samhain agus maidin Dé Sathairn, an 21 Samhain, eagraíodh 12 seisiún sainiúil. D'fhreastail rannpháirtithe an Fhóraim dhá sheisiún dá rogha féin agus bhí rannpháirtithe de chuid an rialtais agus lucht tionsclaíochta i láthair ina gcomhlúadar.

Seo a leanas na príomhthéamaí a tugadh chun cinn le linn seisiúin shainiúla den chineál seo:

'Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta: Éire a Thabhairt i Láthair sa Ré atá Romhainn'
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Halla Naomh Seirse, Dé hAoine, an 20 Samhain 2015

Modhnóireacht: Susan Hayes Culleton, The Positive Economist

Simon Harris, T.D.	An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta maidir le hOifig na nOibreacha Poiblí, an Soláthar Poiblí & Baincéireacht Idirnáisiúnta
Susan Dargan	Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, State Street
Declan Hegarty	Bainisteoir Ginearálta, JP Morgan
Colm Lyon	Bunaitheoir & POF, Fire Financial Services (Rapporteur)
Carol Ward	Príomhoifigeach Oibriúcháin, Man GLG

Na Príomhcheisteanna:

- Fáilte mhór roimh an straitéis IFS agus go háirithe an bhéim ar theicneolaíocht airgeadais agus ar chórais íocaíochta.
- Cé go mbeidh sé deacair i gcónaí ag Éirinn iomaíocht a dhéanamh leis na moil mhóra in earnáil chúrsaí airgeadais, is féidir ról an-tábhachtach a chruthú maidir le seirbhísí agus margaí nideoige.
- Ar cheann de na nideoiga a gceaptar deiseanna suntasacha a bheith ag baint léi tá réimsí an riosca agus an chomhlíonta, réimsí ina bhfuil cumas maith inniúlachta ar fáil in Éirinn cheana féin.
- Sonraíodh gur ceist mhór go leanúnach a shochóiríthe atá an creatchóras rialúcháin.
- Leagadh béim ar an tábhacht atá le cumas na hÉireann daoine cumasacha a mhealladh agus a choinneáil san earnáil. Tagann cúrsaí socheacnamaíochta go mór i gceist leis sin.
- Ba cheart don Rialtas smaoinemh breise a dhéanamh ar mhodhanna chun bonn níos daingne a chur faoin bhfiontraíocht, ceisteanna maidir le cáin ar ghnóthachan caipitil, roghanna scaireanna agus mar sin de san áireamh.
- Measadh go bhféadfadh an branda meirge nua don earnáil a bheith ina thionscnamh tairbheach maidir le bolscaireacht éifeachtúil a dhéanamh ar bhealach comhordaithe thar lear.

Bearta leantacha:

- Ba cheart go gcinnteofaí le Straitéis na Seirbhísí Airgeadais a fhorbairt go mbeadh earnáil an árachais chun tosaigh.
- Ní mór súil ghéar a choimeád ar chora nua i dtíortha tábhachtacha iomaíochta, mar shampla Lucsamburg agus Singeapór.
- Ba cheart smaoinemh ar chúnaimh níos mó a thabhairt don fhiontraíocht maidir leis an gcaoi a bpléitear le cáin ghnóthachan caipitil, scair-roghanna agus forálacha de leithéid Scéim Infheistíocht Fiontraíochta na Ríochta Aontaithe a thabhairt isteach.
- Bíonn an-éifeacht le misin trádála a mbíonn Aire i gceannas orthu ach ba cheart iarracht níos fearr a dhéanamh caidreamh a cheangal leis an lucht tionsclaíochta le linn na pleanála.

'Oideachas Idirnáisiúnta: Craobhchóras do Alumni Choláistí na hÉireann'
Caisleán Bhaile Átha Cliath, an tIonad Comhdhála, Dé hAoine, an 20 Samhain 2015

Modhnóireacht: Joe O'Toole

Jan O'Sullivan, T.D.	An tAire Oideachais agus Scileanna
Kingsley Aikins	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Diaspora Matters
Margaret Molloy	CMO, Siegel+Gale
Orna Ní Chionna	Stiúrthóir, Royal Mail Holdings plc agus Comhalta Boird, Said Business School, Oxford University
Patrick Prendergast	Propast, Coláiste na Tríonóide

Na Príomhcheisteanna :

- Nuair atá níos mó ná 33,000 mac léinn i bhForais Ardoideachais in Éirinn, is mór an deis atá ann buntáiste breise a ghnóthú as ceangal alumni san am atá romhainn.
- Is é an caidreamh idir foras agus iarmhíic léinn an fhorais sin is tábhachtaí ach tá deis ann dícheall níos déine a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta trína féidir luach breise a bhaint amach gan dochar ar bith den phríomhthábhacht atá leis an gcaidreamh leis an bhforas oideachais.
- Tá géarghá le sonraí a bheith ar fáil faoi Alumni trína ndéantar mapáil ar na réimsí saineolais agus ar an ionad ina bhfuiltear lonnaithe ionas gur féidir creatchóras a chur ar bun trínar féidir le alumni thar lear a bheith ina bhfoinsí maidir le hintéirneacht d'fhochéimithe/céimithe, poist nó deiseanna eile maireachtála/foghlama.
- Tá tábhacht mhór, maidir le caidreamh alumnus a chothú, leis an gcaidreamh leis an mac léinn gach tráth ó thagtar isteach i bhForas Ardoideachais den chéad uair agus ar feadh an tsaoil ina dhiaidh sin. Is féidir leis sin a bheith an-tairbheach tráth is faide anonn maidir le cúnaimh an foras a chur i láthair agus a bheith "ar an bhfód" thar lear.
- Ní mór teacht ar mhodhanna níos fearr chun aird a thabhairt ar mhíic léinn agus ar dhaoine a ghnóthaigh céim le tamall anuas d'fhonn bonn a chur faoi choincheap na *alumni* agus leas a bhaint as a gcuid smaointe agus gníomhartha. Ní mór freisin 'éileamh' soiléir a bheith á dhéanamh ar *alumni*.
- D'fhéadfadh toradh rífhiúntach a theacht ar shoirbhiú don chaidreamh idir *alumni* ar an leibhéal áitiúil chomh maith le ceangal gníomhach a chothú in athair idir *alumni* agus na forais oideachais agus tá feabhas is féidir a chur ar chúrsaí trí na córais caidrimh atá ar bun faoi láthair (mar shampla Irish Network USA.)

Bearta leantacha :

- Ní mór scrúdú a dhéanamh ar na modhanna ina bpléann tíortha eile le alumni agus leis an ngné idirnáisiúnta de pholasaithe oideachais. D'fhéadfadh faisnéis agus lón eolais tairbheach a bheith le baint as scrúdú faoi leith a dhéanamh ar an réimse seo.

'Gnó an Diaspóra: Neart le Chéile'

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Halla Phádraig Naofa, Dé hAoine, an 20 Samhain 2015

Modhnóireacht: Norah Casey, Harmonia

Séamus Ó Duibhneacháin, T.D.	An tAire Stáit maidir le Gnóthaí an Diaspóra
Niamh Bushnell	Coimisinéir Bhaile Átha Cliath maidir le Fiontair Nuathionscanta
John Fitzpatrick	Cathaoirleach, American Ireland Funds
Clem Garvey	Uachtarán, Network Irlande
Ciara Kenny	Eagarthóir, Generation Emigration - Irish Times
Joanna Murphy	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Connect Ireland

Na Príomhcheisteanna:

- Aitheantas soiléir don tionchar tairbheach a bhí ag Oifig Aire an Diaspóra a chruthú.
- Is mian le daoine den diaspóra a bheith páirteach i gcúrsaí a bhfuil suim acu iontu ar bhonn earnála agus cúnamh a thabhairt ina leith
- Admhaíodh an tábhacht atá leis an gcultúr maidir le daoine a thabhairt le chéile agus a aontú
- Díróidh aird ar roinnt constaicí a bhíonn roimh lucht imirce filleadh, cúrsaí cóiríochta san áireamh.

Bearta leantacha:

- Ba chóir smaoineamh ar chlár de leithéid chlár Taglit Iosrael chun ceangal le hÉirinn a chothú i ndaoine óga den dara, tríú agus ceathrú glúin den diaspóra.
- Ní mór an cheist maidir le ceart vótála ag lucht eisimirce a thabhairt faoi mheas
- Tá mórchuid eagraíochtaí caidrimh ann ar minic iad ag feidhmiú a bheag nó a mhór sna réimsí céanna lena chéile, ach ní mór iarracht de chineál éigin a dhéanamh iad a tharraingt le chéile.
- Ba cheart smaoineamh an bhféadfaí Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain a eagrú in áiteanna éagsúla san am atá le theacht.
- Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an gcás ina ngearrtar táillí iomlána ollscoile ar Éireannaigh den dara glúin nach in Éirinn is mó a chuaigh siad faoi oideachas.
- Ionad glaonna a chruthú do 'Ireland Inc' ionas gur féidir le daoine comhairle a fháil faoi chaidreamh i measc an diaspóra, filleadh go hÉirinn etc.



Cruinniú Comhchéime Earnála ag Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath

Caidreamh le Comhlachtaí de chuid na hÉireann – Cruinniú Comhchéime Earnála maidir le hÉitlíocht

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015

Éascaitheoireacht:	Fiontar Éireann
Rapporteur	Donal Boylan

Na Príomhcheisteanna:

- Tríd is tríd, tá gá le cur chuige an rialtais uile d'fhonn bonn daingean a chur faoina bhfuil bainte amach cheana maidir le tionscal na heitlíochta in Éirinn agus leathnú a dhéanamh air.
- Níor chóir neamhaird a dhéanamh d'earnáil an ghairmoideachais. Is iontach an deis atá san fhorbairt ar Champas Ghráinseach Ghormáin chun ceangal níos géire a chothú idir an oiliúint ar phrintísigh agus lucht tionsclaíochta.
- Beidh Comhdháil IATA ar siúl in Éirinn i mí Meitheamh 2016 agus ba cheart na deiseanna a ghabhann leis sin a thapú chomh mór agus is féidir.

Bearta leantacha:

- Ní mór oibriú chun forfheabhsú a thabhairt ar an scéim SARP ionas go gcinntítear go mbeidh na príomhdhaoine a dhéanann cinntí agus bainisteoirí sinsearacha lonnaithe ansin.

- Ní mór tabhairt faoi bhearta tionscantacha chun feidhmeannaigh ardleibhéil a mhealladh go hÉirinn, ina measc scoil idirnáisiúnta a chur ar bun in Éirinn agus dreasacht cánach a thabhairt chun cinn.
- D'fhonn buntáiste breise a bhaint as Comhdháil IATA, ba chóir smaoineamh a dhéanamh faoi Bhliain na hEitlíochta in Éirinn a thabhairt ar an mbliain 2017.
- Ba chóir machnamh a dhéanamh an bhfuil gá in Éirinn le foras teicneolaíochta maidir le réimse na hEitlíochta/Aerospáis.
- Ba chóir tabhairt faoi bhearta oibre, trí ócáid de chuid Líonra Alumni Eitlíochta, chun mapáil a dhéanamh ar Dhiaspóra na hEitlíochta

***Caidreamh le Comhlachtaí de chuid na hÉireann – Cruinniú Comhchéime
Earnála maidir le Seirbhísí Airgeadais (Grúpa A & Grúpa B)
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015***

Éascaitheoireacht:	Fiontar Éireann
Rapporteur	Brendan McDonagh (Grúpa A) agus Gearóid Doyle (Grúpa B)

Na Príomhcheisteanna:

- Is ceist mhór do bhainc agus do chuideachtaí árachais ar fud an domhain é ualach agus costas maidir le comhlíonadh agus rialú. Tá cuid mhór ama agus dua á gcaitheamh ag bainc ag iarraidh fanacht i bhfeidhm. Tá siad ag diúltú deiseanna freisin mar gheall ar an ualach a bhaineann le comhlíonadh.
- Ní mór caidreamh a chothú leis na bainc agus le tionscal an árachais. Tríd an gcaidreamh sin, is féidir an obair is mian le bainc a bheith á déanamh allamuigh san am atá romhainn a shonrú. D'fhéadfadh faoiseamh a thabhairt maidir leis an ualach sin poist ardchaighdeán a chruthú i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide agus saineolas speisialtóra a chothú.
- Deiseanna a scrúdú agus bonn treise a chur faoi theicneolaíocht nua trínar féidir soirbhiú do ghnéithe áirithe den phróiseas comhlíonta a chur ar bhonn uathoibríoch agus an t-ualach oibre, agus cúrsaí baoil dá réir, a mhaolú.
- Tá tionscal na n-íocaíochtaí domhanda faoi athrú go tréan agus tá gnólachtaí nua ag teacht ar an bhfód in earnáil na híocaíochta, mar shampla comhlachtaí teicneolaíochta de leithéid Apple agus Google. Tá athrú ó bhonn ar tí tarlú i gcúrsaí baincfeireachta agus d'fhéadfadh Éire dul i gceann an róid maidir leis an réimse sin.
- Tá gá le teicneolaíocht shuaiteach i dtionscal na híocaíochta agus is dócha go dtiocfaidh sin chun cinn agus ní mór dúinne córas nua a chur ar bun atá in ann chuige sin. Tá líon mór comhlachtaí in Éirinn a bhfuil ag éirí go maith leo maidir leis an réimse seo agus ní mór a thuiscint conas breis comhlachtaí den chineál sin a chruthú agus leas níos mó a bhaint as na scileanna agus as an eolas atá ar fáil cheana féin.
- Tá de bhuntáiste ag Éirinn go bhfuil comhlachtaí idirnáisiúnta de leithéid Apple agus Google lonnaithe sa tír. Ba cheart a bheith ag féachaint le breis buntáiste a bhaint as sin. Ba chóir caidreamh níos mó a spreagadh idir na comhlachtaí teicneolaíochta sin agus tionscal na híocaíochta.

- Ba chóir tograí agus seifteanna lena mbaineann costas iomaíochta a chur faoi bhráid na mbainc.

Bearta leantacha:

- D'fhéadfadh Éire a theacht i láthair mar Ionad Údaráis maidir le Comhlíonadh nó mar Mhol Domhanda Comhlíonta. Bheadh gá le hinfheistíocht níos troime ó thaobh ama, díchill agus acmhainní in oideachas sa dlí lena aghaidh sin agus sin dírithe ar thuiscint agus léirmhíniú réimsí toirtiúla rialúcháin
- Tá deis ann Ionad Sárfeabhais a chruthú i gcúrsaí comhlíonta agus caighdeán ard a leagan síos, fanacht chun tosaigh maidir leis na rialacháin nua agus an léirthuiscint ar an dlí. D'fhéadfadh an t-ionad sin a bheith ina "lóchrann eolais" ag lucht tionsclaíochta in Éirinn, ag eagraíochtaí móra baincéireachta agus ag comhlachtaí idirnáisiúnta maidir le ceisteanna agus eolas a bhaineann le cúrsaí comhlíonta.
- Caidreamh a chothú le bainc, comhlachtaí móra idirnáisiúnta agus tionscal na hÍocaíochta d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna agus na fadhbanna is mó a bhaineann leis an tionscal faoi láthair.
- Ní mór taighde a dhéanamh d'fhonn tuiscint a fháil ar na réimsí nua teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn san earnáil seo. Ba chóir d'ionaid taighde díriú ar cheisteanna íocaíochta agus comhlíonta. D'fhéadfaí Éire a chur chun tosaigh mar thír ina nglactar go luath le teicneolaíocht nua. Bealaí a scrúdú ina bhféadfaí cúnamh taca a thabhairt do chomhlachtaí nua teicneolaíochta agus d'Fhiontair Bheaga agus mheánmhéide sa réimse seo.
- Seifteanna a scrúdú trína dtabharfaí cúnamh d'Fhiontair Bheaga agus mheánmhéide bogearraí nua nó réimse teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn le húsáid i mbainc a cheadú ionas nach gá do na bainc dul tríd an bpróiseas sin. Mar shampla, an féidir próiseas creidiúnaithe a thabhairt isteach lena gcuirfí bailíocht le teicneolaíocht de chineál nua a bhfuil na caighdeáin riachtanacha á mbaint amach leis?
- Caidreamh a chothú idir earnáil an oideachais agus lucht tionsclaíochta agus eolas a fháil ar an ní atá de dhíth ar lucht tionsclaíochta ó thaobh scileanna. Díriú ar bhreisoiliúint ó thaobh scileanna agus ar oiliúint speisialtóireachta maidir le cúrsaí comhlíonta agus an dlí.

***Caidreamh le Comhlachtaí de chuid na hÉireann – Cruinniú Comhchéime
Earnála maidir le TFC***

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015

Éascaitheoireacht:	Fiontar Éireann
Rapporteur	Philip Moynagh

Na Príomhcheisteanna:

- Faigheann luath an ceann is fearr ar mhall i gcúrsaí TFC – is féidir le hÉirinn a bheith luath.
- Ní mór Éire a bheith ina háit spéisiúil ag an té nach Éireannach é. Bíonn tairbhe ina leith sin le himeachtaí éagsúla, mar shampla an Reifreann maidir le Comhionannas Pósta.
- Ní mór feabhsú maidir le teacht ar airgead; an margadh díolacháin a dhéanamh; éifeacht gearála a thabhairt i gcrích maidir le hInfheistíocht Dhíreach Choigríche.
- Ba cheart go ndíreofaí in Éirinn ar a bheith ar an tír bheag is fearr ar domhan maidir le gnólachtaí beaga a mhéadú ó scála.

Bearta leantacha:

- Tá cúnaimh maith ar fáil do chomhlachtaí beaga agus do chomhlachtaí nuathionscanta in earnáil TFC ach ní mór níos mó a dhéanamh maidir le hathrú scála ón gcomhlacht beag go dtí an comhlacht meánmhéide.
- Ní mór béim níos mó a chur ar dhaoine cumasacha a mhealladh agus lucht eisimirce a thabhairt ar ais.
- Ní mór leas níos fearr a bhaint as deiseanna meantóireachta chun inniúlacht breise a chothú i measc an dream oibre cumasach atá ar fáil faoi láthair
- Ba cheart béim níos mó a leagan ar phíblíne cumais a fhorbairt trí thionscnaimh de leithéid *coder-dojó*
- Ní mór béim níos mó a leagan ar a mbeadh le tairiscint i ndáil le hOlltíomsú Sonraí agus Idirlíon na nEarraí.

***Caidreamh le Comhlachtaí de chuid na hÉireann – Cruinniú Comhchéime
Earnála maidir le Déantúsaíocht***

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015

Éascaitheoireacht:	Fiontar Éireann
Rapporteur	Joe King

Na Príomhcheisteanna:

- Ní mór don lucht déantúsaíochta nuáil a dhéanamh agus teacht ar na bealaí a fhágfaidh nach féidir leis an gcustaiméir déanamh dá n-uireasa. Ní mór d'earnáil na déantúsaíochta an t-eagar tosaigh a aistriú ionas gur cóngaraí don chustaiméir é agus is é an bealach is fearr leis sin a bhaint amach scileanna margáíochta agus dearthóireachta níos fearr a thabhairt chun cinn.
- Ní féidir le comhlacht mór nuáil a dhéanamh chomh héifeachtach agus a dhéanann an comhlacht beag – is iad na soláthraithe a thagann i láthair mar pháirtnéirí agus a bhíonn i gceist le linn chéim na dearthóireachta is lú ar féidir déanamh dá n-uireasa. Ní mór don lucht déantúsaíochta athrú ó mheon maidir le hinneall a chur ar fáil go dtí meon maidir le réiteach ar dheacracht a chur ar fáil.
- Ní mór fiosrú níos leithne a dhéanamh maidir le deiseanna a eascraíonn ón teicneolaíocht maidir le feabhas a chur ar an gcoinbhéirseacht leis an réimse digiteach. Tá Idirlíon na nEarraí ar fáil dáiríre – ba chóir don lucht déantúsaíochta a bheith ag smaoineamh ar bhealaí inar féidir seirbhís tharraingteach a chur ar fáil don chustaiméir dá bharr sin nó costas a shábháil.
- I dtír nach dtéann 50% de na daltaí ar aghaidh go dtí an 3^ú leibhéal inti, d'fhéadfadh na earnálacha na déantúsaíochta a theacht chun cinn arís a bheith ina bhunús le saol maith oibre ag cuid mhór.
- Ní mór beocht a chur san íomhá a bhaineann le déantúsaíocht in Éirinn. Is féidir sin a thabhairt i gcrích trí theacht i dtír ar an bhfiosracht atá go nádúrtha sa leanbh agus an tóir a bhíonn ag leanaí ar rud a dhéanamh agus cur le líon na dturas cuairte a thugtar ar mhonarchana.

Bearta leantacha:

- Ba cheart grúpaí fócais idir an stát agus lucht tionsclaíochta a chruthú d'fhonn foghlaim in éineacht faoin sárchleachtas i dtíortha thar lear.
- Ba chóir comharobair níos forleithne a spreagadh i réimse an tionsclaíochta trí mhalartú eolais, Taighde & Forbairt (go háirithe le forais 3ú Leibhéal) agus i gcloigíní (cloigíní ceannacháin, cloigíní deiseanna margaidh etc.)
- Ba chóir béim níos troime a leagan ar fhoghlaim ó thíortha eile a bhfuil athbheochan déanta acu ar earnáil na déantúsaíochta le tamall de bhlianta anuas e.g. Singeapór, an Ríocht Aontaithe, agus an Ghearmáin.



An Taoiseach Éanna Ó Coinnigh T.D. le rannpháirtithe ag Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath

Caidreamh le Comhlachtaí de chuid na hÉireann – Cruinniú Comhchéime Earnála maidir le Fiontair Nuathionscanta

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015

Éascaitheoireacht:	Fiontar Éireann
--------------------	-----------------

Rapporteur	Ron Anderson
------------	--------------

Na Príomhcheisteanna:

- Beart a mbaineann dúshlán leis do chomhlachtaí nuathionscanta agus a bhfuil deacracht ag teacht chun cinn ina leith is ea páirt a ghlacadh i mbabhtáí cistíochta tar éis maoiniú chaipiteal síl agus forás ó scála a dhéanamh. D'fhonn tabhairt faoin dúshlán sin, ba chóir do chomhlachtaí infheisteoirí cáilithe a lorg ag a bhfuil saineolas ar an earnáil agus a chinntiú go mbíonn ionad gníomhach ag an infheisteoir ar an mBord.
- Ar na príomhcheisteanna a tarraingíodh anuas, bhí an bealach is fearr ina gcruithíocht tuiscint ar Éirinn mar ionad do chomhlachtaí nuathionscanta; luadh cainéal sainiúil gnó ag an gceoltóir náisiúnta (RTÉ) d'fhonn scéalta nuachta faoi ghnóilachtaí nua agus a n-éiríonn leo a bhaint amach a chraoladh, níos mó pearsaí idirnáisiúnta a thabhairt go hÉirinn (línra chomhaltaí GIN a úsáid agus daoine a

rinne staidéar in Éirinn agus a bhfuil tionchar acu ar thionscal faoin tráth seo a shonrú).

- Admhaíodh nach raibh aon mhodh soiléir eile chun caidreamh a dhéanamh le diaspóra mór fairsing na hÉireann mar bhonn faoi chomhaltaí reatha an GIN. Dá bhféadfaí caidreamh a nascadh leis an 'diaspóra balbh' sin, d'fhéadfadh go mbeadh buntáiste le tapú a dhéanfadh leas do chomhlachtaí de chuid na hÉireann.
- Ní mór do chomhlachtaí de chuid na hÉireann 'bearta móra' a bheith ar intinn acu agus iad i mbun caidrimh san Áis agus i Meiriceá Thuaidh.

Bearta leantacha:

- Ba cheart caidreamh seachtrach a leathnú níos faide ná an diaspóra reatha go dtugtar faoina scáth an dara diaspóra (daoine a chuaigh faoi oideachas in Éirinn a bhfuil baint anois acu le tionscal i margadh ábhartha ó thaobh tíreolaíochta) agus lucht aitheantais chomhaltaí den GIN féin i réimsí gnó nó an teaghlaigh.
- Tairseach/bunachar sonraí a fhorbairt a mbeadh eolas próifíle faoi leith ag gabháil leis ionas go bhféadfadh comhaltaí de chuid an GIN roghanna sonracha a dhéanamh, seachas eolas leanúnach neamhshonrach a theacht chucu, agus cuardacha a chaomhchóiriú i ndáil le scileanna agus taithí de chineálacha sonracha is féidir a thabhairt ansin leis na riachtanais atá ag comhlachtaí in Éirinn.

Taighde & Nuáil – Maoiniú san am atá romhainn d'Obair Thaighde bunaithe ar Dhúshlán in Éirinn

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015

Éascaitheoireacht:	Fondúireacht Eolaíochta Éireann
Rapporteur	Jim Sullivan

Na Príomhcheisteanna:

- Cé gur rud nua go maith in Éirinn infheistíocht a dhéanamh i gcúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le daoine cumasacha a chothú, rud a chuireann bonn treise faoi infheistíocht MNC agus faoi fhiontair bheaga agus mheánmhéide a thionscnamh. Tá bunriachtanas le leanacht de dhaoine óga cumasacha a chothú ionas go dtugtar dea-thoradh ar an mbeartaíocht i gcrích.
- Is é is tábhachtaí anois toradh níos fearr ar an infheistíocht a thabhairt i gcrích agus ní mór réimsí nideoige a shonrú a mbaineann dúshlán leo agus díriú ar a sárú sin d'fhonn an toradh sin a thabhairt i gcrích ar mhaithe leis an tír. Téama a luadh arís agus arís eile nuair a bhí plé á dhéanamh is ea deiseanna a bheith ag baint le cónascadh idir tionscail agus réimsí léinn éagsúla.

Trí infheistíocht roimhe seo i réimsí den eolaíocht agus den teicneolaíocht in Éirinn a thabhairt chun aire, chomh maith le réimsí a bhaineann go speisialta leis an tír seo, shonraigh an grúpa roinnt dúshláin shamplacha, ina measc Néaltrú, Córais Bainistíochta maidir le Cúram Sláinte, Diaibéiteas de Chineál a Dó agus Seicheamhú Géanóm maidir le Cúrsaí Leighis na Linne seo Romhainn

Bearta leantacha:

- Is é atá de dhíth creatchóras comhtháite agus próiseas trína ndéantar dúshláin chuí a aimsiú agus a shonrú go sainiúil agus dul chun cinn maidir le comhar comhpháirtíochta a chothú, e.g. painéil meantóireachta agus breithiúnais, a dtiocfaidh dá mbarr go gcuirtear cláir cistíochta bunaithe ar dhúshláin i bhfeidhm ar cheann de na sraitheanna tábhachtacha den chéad chéim eile den chistíocht taighde agus nuála in Éirinn agus go dtagann sárú an dúshláin de thoradh ar an mbeartaíocht i ndeireadh báire.
- Táthar ag cur gairm scoile amach ina leith seo ag iarraidh go sonrach ar an lucht tionsclaíochta páirt a ghlacadh sa phróiseas seo agus cuidiú leis. Ba léir fonn láidir beart ardaidhme a dhéanamh agus toilteanas páirt a ghlacadh i bpróiseas den sórt seo i measc lucht an ghrúpa.

Tá i gceist ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ceannródaíocht a dhéanamh maidir le creatchóras den chineál sin a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis na Ranna agus na Gníomhaireachtaí Rialtais cuí, i gcomhthéacs Bheart 4.3 den Straitéis Nuála 2020 agus i gcomhairle le toscairí áirithe ag an bhFóram atá toilteanach sin a dhéanamh.

<i>Gnó na Talmhaíochta: Fás go hÁitiúil do Mhargadh Domhanda</i>	
<i>Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015</i>	
Éascaitheoireacht:	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Rapporteur	Tom Arnold
Na Príomhcheisteanna:	
<ul style="list-style-type: none"> • Ionas go ndéanfaidh earnáil na talmhaíochta agus an bhia daoine cumasacha a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt ní mór íomhá na hearnála a fheabhsú, cur leis an gcúnamh taca ó thaobh cúrsaí oiliúna agus oideachais agus bearta a fhorbairt a tharraingeoidh daoine cumasacha. • Ní mór, trí chur inathuair lenar baineadh amach go dtí seo le Origin Green, forbairt níos éifeachtúla a thabhairt ar 'bhranda' thalmhaíocht agus bhia na hÉireann trí chaomhchóiriú a thabhairt ar tháirgí i ndáil le margaí áitiúla faoi leith agus feabhas a chur ar an mbrandáil trí bhearta bolscaireachta a chuireann leis an leibhéal so-aitheantais. • Ba chóir leas níos mó a bhaint as córas na nAmbasáidí agus as ceangal caidrimh tríd an diaspóra chun teacht níos tréine ar an bhfód i margaí éagsúla. • Ní mór an earnáil a bheith fadbhreathnaitheach agus aisling a leagan amach agus a thabhairt i bhfeidhm maidir le hathrú struchtúrtha (e.g. trí chomhdhlúthú) in earnálacha mórtábhachta, e.g. próiseáil déiríochta. 	

- Tá tábhacht le caipiteal leordhóthanach a chur ar fáil don earnáil ós mór an tábhacht atá le teacht ar airgead caipitil ag comhlachtaí atá i mbun ardú scála.
- D'fhonn níos mó nuála a spreagadh, ní mór an comhar poiblí/príobháideach ó thaobh taighde (go háirithe obair thaighde ar réimsí atá gar don mhargadh) a leathnú agus a fheabhsú chomh maith le leas níos mó a bhaint as anailísíocht sonraí ionas gur fearr a chruthaítear i mbun gnó. Tá buntábhacht freisin le taighde margaidh, go háirithe le taighde ar léargas an tomhaltóra, mar lón eolais i ndáil leis an bpleanáil straitéise ag comhlachtaí bia maidir leis na margaí is tábhachtaí, na réimsí nideoige is tábhachtaí agus an fhorbairt shainiúil ar tháirgí.
- Is mór an tábhacht atá le bearta éifeachtúla i ndáil lena n-éilíonn an tomhaltóir maidir le cúrsaí inmharthanachta – tá sin ina réamhchoinníoll bunúsach anois ag feirmeoirí agus ag gnólachtaí bia, ar aon dul le sábháilteacht bia agus gnéithe cáilíochta. Tá daoine óga go háirithe an-tugtha do chúrsaí inmharthanachta - meallfaidh táirgeadh bia inmharthana daoine óga ag obair san earnáil.

Bearta leantacha:

- Ní mór cláir printíseachta breise a chur ar fáil i gcomhlachtaí talmhaíochta agus bia, ba cheart níos mó oiliúna i dteangacha a spreagadh agus ba cheart leathnú le clár oideachais Theagaisc.
- D'fhonn daoine cumasacha a mhealladh chuig an earnáil seo, ba cheart smaoinemh ar láithreán gréasáin a chur ar bun maidir le hEarcaíocht Dhomhanda i gComhlachtaí Bia na hÉireann a bheadh ina mhol lárnaigh trína bhféadfadh comhlachtaí bia fógraíocht a dhéanamh agus aird fhostaithe ionchais ar fud an domhain a tharraingt;
- Ní mór oibriú chun dul i ngleic leis an deacracht oibríthe cumasacha a choinneáil i gceantair áitiúla (faoin tuath), nó daoine cumasacha a mhealladh ar ais, agus ní mór ina leith sin iarrachtaí níos tréine a dhéanamh cur le scála chomhlachtaí in earnáil na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil an bhia mara.
- D'fhonn gréasáin caidrimh a thabhairt chun cinn i margaí barrthábhachta agus léargas an tomhaltóra a ghnóthú, ní mór don earnáil comhoibriú ar bhealach níos éifeachtúla le hearnálacha eile atá i mbun gnó ar na margaí sin, mar shampla, earnáil na turasóireachta.
- Grúpaí Oibre Comhairleacha a chur ar bun maidir le margaí barrthábhachta trína dtugtar le chéile "cumhacht ghéar" chomhlachtaí tráchtála agus "cumhacht bhog" lucht tionchair, mar shampla, trí ambasáidí. Réiteodh sin an bealach isteach ar mhargaí nár thángthas ar an bhfód orthu roimhe sin agus chuideodh sé le comhlachtaí tionscanta ag plé le coinníollacha rialála/maorlathais.
- D'fhonn géarú ar an acmhainn iomaíochta in earnáil na talmhaíochta agus an bhia, ba chóir iarrachtaí níos tréine a dhéanamh costais na hearnála a ísliú tríd an úsáid as clár déantúsaíocht LEAN de chuid EI a chur chun cinn maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide in earnáil an bhia.

Eacnamaíocht na Cruthaitheachta: Deis atá le Tapú ar Fud an Domhain a chruthú as Dearthóireacht Éireann 2015

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Dé Sathairn, an 21 Samhain 2015

Éascaitheoireacht:	Irish Design 2015
Rapporteur	Laura Magahy

Na Príomhcheisteanna:

- D'fhág ID2015 “lorg coise sa ghaineamh”, ní ceart ligean don “fharraige lorg an díchill a ghlanadh amach”, agus is é ba cheart a dhéanamh ina áit sin cur lenar baineadh amach i rith na bliana agus straitéis níos fadtéarmaí a leagan amach maidir le cúrsaí dearthóireachta.
- Ba chóir smaoinemh ar bhealaí ina bhféadfadh an soláthar poiblí a bheith ina spreagadh ag dearthóirí in Éirinn, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide.

Bearta leantacha:

- Is den tábhacht go gcinntítear dóthain daoine le cumas dearthóireachta ag teacht chun cinn tríd an gcóras oideachais. Chun sin a thabhairt i gcrích, ba cheart ceangal a chothú idir oideachas sa dearadh in Éirinn agus na coláistí agus na teagascóirí is fearr ar domhan d'fhonn cur go mór leis an gcóras oideachais tríú leibhéal sa dearthóireacht in Éirinn
- D'fhonn infheistíocht a dhéanamh san oideachas sa dearthóireacht ar leanaí in Éirinn ba cheart togra de leithéid "dearadh dojo" a chur ar bun a spreagfadh an chruthaitheacht agus an inniúlacht i ndaoine óga.
- Leanacht de leas a bhaint as an GIEF agus as córas na nAmbasáidí chun dearthóireacht na hÉireann a chur chun cinn go hidirnáisiúnta
- Ba chóir scrúdú a dhéanamh maidir le hionad nuálaíochta sa dearthóireacht a chruthú mar lárphointe maidir le ceangal a chothú idir lucht oideachais, fiontraíochta agus dearthóireachta ar fud na réigiún.



David McWilliams ag labhairt ag an gCeathrú Fóram Eacnamaíoch de chuid Éireannaigh an Domhain, Caisleán Bhaile Átha Cliath

5. Deireadh an Fhóraitim

Tráthnóna Dé Sathairn, an 21 Samhain, chuala na rannpháirtithe cur i láthair ar na hábhair seo a leanas:

Bualadh leis an Diaspóra – Smaointe ar an gcaidreamh le Pobal Éireannach an Domhain	Séamas Ó Duibhneacháin T.D., An tAire Gnóthaí Diaspóra
Comóradh 2016	Heather Humphreys, T.D., An tAire Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta agus John Concannon, Ireland 2016
10 Milliún cúis le hArdaidhmeanna a chur Romhainn	Danny McCoy, IBEC
Éifeacht Gnóthachtála in Éirinn	Ian Robertson, Ollamh le Síceolaíocht, Coláiste na Tríonóide

Chomh maith leis sin, thug an Rapporteur ó gach ceann de na seisiúin shainiúla faoi leith tuairisc don Taoiseach agus don Aire Gnóthaí Eachtracha & Trádála ar na príomhthéamaí agus na ceistanna a pléadh.

Tionóladh an Seisiún Iomlánach deiridh faoin teideal ‘An 100 bliain seo romhainn – Athshamhlú na Fáistine: Buanseasmhacht & Rachmas’:

‘An 100 Bliain seo Romhainn – Athshamlú na Fáistine: Buanseasmhacht & Rachmas’ Caisleán Bhaile Átha Cliath, Printworks, an 21 Samhain 2015

Modhnóireacht: Áine Lawlor, RTÉ

Liam Casey	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, PCH
Susan Davis	Cathaoirleach agus Tionscnóir, Susan Davis International
Aengus Kelly	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Aer Cap Holding N.V.
Hildegarde McCarville	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Veolia

Na Príomhthéamaí

- Ní mór d'Éirinn díriú ar bhrandaí a aithnítear go héasca go hidirnáisiúnta a chruthú seachas táirgí aonair. Is í an tsamhlaíocht is tábhachtaí maidir le cúrsaí brandála agus na dóigheanna inar féidir sin a thapú agus a chur trasna ar dhreamanna go fada forleathan.
- Ba chóir d'Éirinn a theacht i dtír ar ionad an oileáin timpeall is comhfhad as an tSín agus as California. Is léiriú na comhlachtaí idirnáisiúnta a lonnaíonn an córas maidir le seirbhís don chustaiméir in Éirinn ar bhealach ina bhféadfadh an tír margaíocht níos fearr a dhéanamh uirthi féin le cuideachtaí idirnáisiúnta.
- Ba chóir geallúint sé bliana de chúnamh a iarraidh ar dhaoine den diaspora maidir le hiarratas na hÉireann ar Chorn an Domhain sa Rugbaí a eagrú anseo sa bhliain 2023.
- Meastar go mbeidh luach \$15 trilliún i rith na ndeich mbliana seo romhainn mar thionscal le cúrsaí dul in aois agus sin a dhéanamh ar an mbealach is cliste. Tá obair ar mhaithe le hÉirinn a bheith ina mol domhanda i gcúrsaí teicneolaíochta i ndáil le hAosú Cliste ar siúl ón mbliain 2011 mar gheall ar mholadh ó Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain na bliana sin. Agraíodh gur chóir saineolas gnó chomhaltaí an Líonra Domhanda Éireannach a bhí i láthair a chur in úsáid chun cuidiú le borradh a chur faoin margadh sin.
- Cé gur maith an rud gnóthaí oibriúcháin idirnáisiúnta a lonnú in Éirinn, measadh gur thábhachtaí go mór na daoine a dhéanann na cinntí a tharraingt anseo. Chuideodh ceannairí sinsearacha a bheith á gcoinneáil in Éirinn leis an tír seo a choinneáil lárnach maidir le cúrsaí oibriúcháin.
- Tá na córais chánachais i roinnt margaí eile san Eoraip níos tarraingtí ag comhlachtaí agus infheisteoirí ná mar atá na rátaí in Éirinn faoi láthair.
- Ba cheart don Rialtas nua cúnaimh breise a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide teacht ar an bhfód i margaí nua go hidirnáisiúnta. Ba chóir ardaidhmeanna chuideachtaí nua a chothú agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú ar an leibhéal náisiúnta.
- Seachas breathnú ró-fhada chun cinn, ba cheart d'Éirinn díriú ar dtús ar an leathchhead bliain atá romhainn. Ós tír í ina bhfuil cuid mhór acmhainní nádúrtha, ba cheart díriú ar chur chuige timhriallach inmharthana a chinntiú maidir le húsáid fuinnimh go meántéarmach agus go fadtéarmach, i ndáil, mar shampla, le hidrileictreachas agus bithmhais.

Joanne O’Riordan, Ógánach Sárshuntasach an Domhain 2015 a thug an t-aitheasc clabhsúir ag an bhFóram.

6. Clabhsúr agus Obair Leantach

Faoi mar a leagtar amach sa tuarascáil seo, chuir na rannpháirtithe moltaí áirithe chun cinn i rith an Fhórait maidir le nithe arbh fhéidir bearta a dhéanamh dá réir.

I ndáil leis na moltaí a bhí dírithe ar an Rialtas agus de réir na ngeallúintí a thug an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha & Trádála ag deireadh an Fhórait féin, cuireadh na tuarascálacha maidir leis na seisiúin shainiúla ar fad chuig na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Rialtais go léir ionas go ndéanfaidís na ceisteanna a thagann faoina gcúram féin a scrúdú.

Tá Aonad na nÉireannach thar Lear sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i mbun caidrimh leis na Ranna eile agus leis na Gníomhaireachtaí d'fhonn plé a dhéanamh ar na torthaí a thagann faoina scáth agus na bearta a dhéanfar ar an gcéad rud eile a shonrú.

Ba chóir a thabhairt chun aire go bhfuil roinnt cásanna ina bhfuil obair tugtha chun cinn cheana féin, ina measc:

- Bhí san áireamh sa seisiún ‘Ionad na hÉireann in Eacnamaíocht an Domhain’ bhí glaoch do straitéis fadtéarmach, uileghabhálach ionas go dtugtar margaí easpórtála tábhachtacha chun suntais, go háirithe margaí atá ar tí teacht chun cinn. Tá geallúint i gClár Bhealtaine 2016 do Rialtas Comhpháirtíochta maidir le straitéisí uile-rialtais a fhorbairt don Aigéan Ciúin agus don Áise agus do Críocha Mheiriceá a thabharfadh aghaidh ar an bpríomhriachtanas seo.
- Sheol an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an chéim phíolótach den Champa Samhraidh Éireannaigh an Domhain i rith na bliana 2016 ar clár samhraidh tumthach in Éirinn atá ann do Ghaeil-Mheiriceánaigh den dara, tríú agus ceathrú glúin.
- Tá moltaí a eascraíonn ón seisiún maidir le gnó na talmhaíochta tugtha isteach ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin bpróiseas maidir le Food Wise 2025 a chur i bhfeidhm.
- Tá Grúpa Oibre NCADF maidir le hAirgeadas Eitlíochta agus Léasáil curtha ar bun ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a dhéanfaidh réimse leathan beart a mheas, na moltaí ón bhFóram a bhaineann le hábhar agus a tháinig chun cinn sa seisiún sainiúil faoi chúrsaí Eitlíochta ina measc.
Tá obair mhór ar siúl faoi na ceisteanna a tháinig chun cinn le linn Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta a phlé - ba thábhachtach an lón eolais a baineadh as an Seisiún Sainiúil faoi Sheirbhísí Airgeadais agus an Cruinniú Comhchéime Earnála faoi Sheirbhísí Airgeadais maidir leis an Straitéis IFS2020 faoi mar a luaitear thíos.

Tá beartaithe tuarascáil chuimsitheach ar an dul chun cinn leis na bearta leantacha a chur ar fáil i mí na Samhna 2016, nuair a bhíonn bliain caite ó thráth an Fhórait.

Tugtar liosta anseo síos de na ceisteanna ar fad a cuireadh chun tosaigh le linn an Fhóiraim d'fhonn plé breise agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith chomh maith le roinnt samplaí a thabhairt d'obair atá ar siúl cheana féin:

	<p>Talmhaíocht</p> <p>Tugtar chun aire go ndearnadh moltaí an fhóiraim a thabhairt isteach faoin bpróiseas cur i bhfeidhm maidir le Food Wise 2025 agus gur tríd an modh oibre sin is mó a dhéanfar beartaíocht dá réir.</p>
1	Ní mór cláir printíseachta breise a chur ar fáil i gcomhlachtaí talmhaíochta agus bia, ba cheart níos mó oiliúna i dteangacha a spreagadh agus ba cheart leathnú le clár oideachais Theagaisc.
2	D'fhonn daoine cumasacha a mhealladh chuig an earnáil seo, ba cheart smaoinemh ar láithreán gréasáin a chur ar bun maidir le hEarcaíocht Dhomhanda i gComhlachtaí Bia na hÉireann a bheadh ina mhol lárnach trína bhféadfadh comhlachtaí bia fógraíocht a dhéanamh agus aird fhostaithe ionchais ar fud an domhain a tharraingt.
3	Ní mór oibriú chun dul i ngleic leis an deacracht oibríthe cumasacha a choinneáil i gceantair áitiúla (faoin tuath), nó daoine cumasacha a mhealladh ar ais, agus ní mór ina leith sin iarrachtaí níos tréine a dhéanamh cur le scála chomhlachtaí in earnáil na talmhaíochta agus an bhia agus in earnáil an bhia mara.
4	D'fhonn gréasáin caidrimh a thabhairt chun cinn i margaí barrthábhachta agus léargas an tomhaltóra a ghnóthú, ní mór don earnáil comhoibriú ar bhealach níos éifeachtúla le hearnálacha eile atá i mbun gnó ar na margaí sin, mar shampla, earnáil na turasóireachta.
5	Grúpaí Oibre Comhairle a chur ar bun maidir le margaí barrthábhachta trína dtugtar le chéile "cumhacht ghéar" chomhlachtaí tráchtála agus "cumhacht bhog" lucht tionchair, mar shampla, trí ambasáidí. Réiteodh sin an bealach isteach ar mhargaí nár thángthas ar an bhfód orthu roimhe sin agus chuideodh sé le comhlachtaí tionscanta ag plé le coinníollacha rialála/maorlathais.
6	D'fhonn géarú ar an acmhainn iomaíochta in earnáil na talmhaíochta agus an bhia, ba chóir iarrachtaí níos tréine a dhéanamh costais na hearnála a ísliú tríd an úsáid as clár déantúsaíocht LEAN de chuid EI a chur chun cinn maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide in earnáil an bhia.
	<p>Alumni</p>
7	Ní mór scrúdú a dhéanamh ar na modhanna ina bpléann tíortha eile le alumni agus leis an ngné idirnáisiúnta de pholasaithe oideachais. D'fhéadfadh faisnéis agus lón eolais tairbheach a bheith le baint as scrúdú faoi leith a dhéanamh ar an réimse seo.

8	Is féidir cur leis an gcaidreamh a dhéanann alumni trí líonraí caidrimh atá ar bun cheana féin (mar shampla Irish Network USA).
9	Ní mór teacht ar mhodhanna níos fearr chun aird a thabhairt ar mhic léinn agus ar dhaoine a ghnóthaigh céim le tamall anuas d'fhonn bonn a chur faoi choincheap na <i>alumni</i> agus leas a bhaint as a gcuid smaointe agus gníomhartha. Ní mór freisin 'éileamh' soiléir a bheith á dhéanamh ar <i>alumni</i> .
	<p>Eitlíocht</p> <p>Tugtar chun aire go dtagann cuid mhór de na moltaí faoi scáth na mbeart atá le meas ag Grúpa Stiúrtha an Fhórait Forbartha Náisiúnta maidir le hEitlíocht Shibhialta (NCADF) agus ag Grúpaí Oibre an Fhórait.</p>
10	<p>Ní mór oibriú chun forfheabhsú a thabhairt ar an scéim SARP ionas go gcinntítear go mbeidh na príomhdhaoine a dhéanann cinntí agus bainisteoirí sinsearacha lonnaithe ansin.</p> <p><i>Tagann seo faoi scáth na mbeart atá le meas ag an nGrúpa Oibre maidir le hAirgeadas Eitlíochta agus Léasáil de chuid an NCADF a cuireadh ar bun le gairid</i></p>
11	<p>Ní mór tabhairt faoi bhearta tionscantacha chun feidhmeannaigh ardleibhéil a mhealladh go hÉirinn, ina measc scoil idirnáisiúnta a chur ar bun in Éirinn agus dreasacht cánach a thabhairt chun cinn.</p> <p><i>Tagann seo faoi scáth na mbeart atá le meas ag an nGrúpa Oibre maidir le hAirgeadas Eitlíochta agus Léasáil de chuid an NCADF a cuireadh ar bun le gairid</i></p>
12	<p>D'fhonn buntáiste breise a bhaint as Comhdháil IATA, ba chóir smaoinemh a dhéanamh faoi Bhliain na hEitlíochta in Éirinn a thabhairt ar an mbliain 2017.</p> <p><i>Tá molta ag Coiste Stiúrtha an NCADF gur cheart do rialtas na hÉireann leas a bhaint as Comhdháil IATA chun teachtaireachtaí príomhthábhachta a bhaineann leis an eitlíocht idirnáisiúnta a chur in iúl. Tá beartaithe Comhdháil Eitlíochta na hÉireann a eagrú i rith R1 2017 faoin NCADF. Tar éis an smaoinemh maidir le 2017 a bheith ina bliain faoi leith maidir leis an Eitlíocht a chur chun cinn, tá DTTAS tagtha ar an gcinneadh gur cheart bunú NCADF agus an clár dian oibre atá roimhe i rith na bliana 2017 a thabhairt níos faide chun cinn sula dtabharfaí faoi smaoinemh ar fheachtas bolscaireachta.</i></p>
13	<p>Ba chóir machnamh a dhéanamh an bhfuil gá in Éirinn le foras teicneolaíochta maidir le réimse na hEitlíochta/Aeraspáis.</p> <p><i>Tagann seo faoi scáth na mbeart atá le meas ag an nGrúpa Oibre maidir le hOideachas agus Oiliúint Eitlíochta de chuid an NCADF a cuireadh ar bun le gairid.</i></p>
14	<p>Ba chóir tabhairt faoi bhearta oibre, trí ócáid de chuid Líonra Alumni Eitlíochta, chun mapáil a dhéanamh ar Dhiaspóra na hEitlíochta</p> <p><i>Cuirfidh DTTAS an moladh seo faoi bhráid Choiste Stiúrtha an NCADF</i></p>

	Dearadh
15	Is den tábhacht go gcinntítear dóthain daoine le cumas dearthóireachta ag teacht chun cinn tríd an gcóras oideachais. Chun sin a thabhairt i gcrích, ba cheart ceangal a chothú idir oideachas sa dearthóireacht in Éirinn agus na coláistí agus na teagascóirí is fearr ar domhan d'fhonn cur go mór leis an gcóras oideachais tríú leibhéal sa dearadh in Éirinn.
16	D'fhonn infheistíocht a dhéanamh san oideachas sa dearthóireacht ar leanaí in Éirinn ba cheart togra de leithéid "dearadh dojo" a chur ar bun a spreagfadh an chruthaitheacht agus an inniúlacht i ndaoine óga.
17	Leanacht de leas a bhaint as an GIEF agus as córas na nAmbasáidí chun dearthóireacht na hÉireann a chur chun cinn go hidirnáisiúnta
18	Ba chóir scrúdú a dhéanamh maidir le hionad nuálaíochta sa dearthóireacht a chruthú mar lárphointe maidir le ceangal a chothú idir lucht oideachais, fiontraíochta agus dearthóireachta ar fud na réigiún.
	An Diaspóra
19	Ba chóir smaoineamh ar chlár de leithéid chlár Taglit Iosrael chun ceangal le hÉirinn a chothú i ndaoine óga den dara, tríú agus ceathrú glúin den diaspóra. <i>Sheol an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an chéim phiolótach den Champa Samhraidh Éireannaigh an Domhain i rith na bliana 2016. Is clár samhraidh tumthach in Éirinn atá ansin do Ghaeil-Mheiriceánaigh den dara, tríú agus ceathrú glúin.</i>
20	Ní mór an cheist maidir le ceart vótála ag lucht eisimirce a thabhairt faoi mheas
21	Tá mórchuid eagraíochtaí caidrimh ar minic iad ag feidhmiú a bheag nó a mhór sna réimsí céanna lena chéile, ach ní mór iarracht de chineál éigin a dhéanamh iad a tharraingt le chéile.
22	Ba cheart smaoineamh an bhféadfaí Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain a eagrú in áiteanna éagsúla san am atá le theacht.
23	Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an gcás ina ngearrtar táillí iomlána ollscoile ar Éireannaigh den dara glúin nach in Éirinn is mó a chuaigh siad faoi oideachas.

24	Ionad glaonna a chruthú do ‘Ireland Inc’ ionas gur féidir le daoine comhairle a fháil faoi chaidreamh i measc an diaspóra, filleadh go hÉirinn etc.
	<p>Seirbhísí Airgeadais</p> <p>Tugtar chun aire go bhfuiltear ag díriú cheana féin, i gcomhthéacs Straitéis IFS 2020, ar mhórchuid mhór a bhfuil molta sa liosta ceisteanna a ndíreofaí orthu a eascraíonn ón Seisiún Sainiúil GIEF maidir le Seirbhísí Airgeadais agus ón gCruinniú Comhchéime Earnála maidir le Seirbhísí Airgeadais. Leagadh amach na seisiúin GIEF ionas go mbeidís ina gcuidiú maidir le Plean Gníomhaíochta 2016 a ullmhú.</p>
25	<p>Ba cheart go gcinnteofaí le Straitéis na Seirbhísí Airgeadais a fhorbairt go mbeadh earnáil an árachais chun tosaigh.</p> <p><i>Bhí tionscal an árachais ina pháirtí príomhthábhachta maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin a ghabh le straitéis IFS2020 a thabhairt chun cinn, agus d'ainmnigh lucht an tionscail feidhmeannach sinsearach a bheadh ar Choiste Comhairleach IFS2020 maidir leis an Tionscal. Ó seoladh an straitéis, rinne an tAire Stáit caidreamh go rialta le geallsealbhóirí éagsúla de chuid an tionscail maidir le forbairt bhreise ar an earnáil. Chomh maith leis sin, de réir mar a ndéantar foráil dó faoi Bheart #4 i bPlean Gníomhaíochta 2016, beidh grúpa oibre nua, faoi cheannaireacht lucht an tionscail, á chur ar bun i rith R2 2016 agus beidh baint ag geallsealbhóirí mórhábhachta de chuid an tionscail leis sin.</i></p>
26	<p>Ní mór súil ghéar a choimeád ar chora nua i dtíortha tábhachtacha iomaíochta, mar shampla Lucsamburg agus Singeapór.</p> <p><i>Tá seo ar siúl faoi láthair i gcomhthéacs na socruithe maidir le IFS2020 a chur i bhfeidhm. Faigheann Grúpa Comhordúcháin na hEarnála Poiblí maidir le IFS2020 na tuairiscí is deireanaí ó DFAT agus ó chóras na nAmbasáidí faoi na cora is nua i ndlínsí eile agus bíonn na geallsealbhóirí tionscail ag coinneáil súil ar chúrsaí chomh maith agus ag cur eolais ar fáil do na Ranna líne agus do Chomhchoiste IFS2020 agus do na grúpaí oibre éagsúla.</i></p>
27	<p>Ba cheart smaoineamh ar chúnamh níos mó a thabhairt don fhiontraíocht maidir leis an gcaoi a bpléitear le cáin ghnóthachan caipitil, scair-roghanna agus forálacha de leithéid Scéim Infheistíocht Fiontraíochta na Ríochta Aontaithe a thabhairt isteach.</p> <p><i>Maidir le FinTech, tá leagtha amach faoi Bheart #33 de Phlean Gníomhaíochta 2016 go ndéanfaidh Cumann Theicneolaíocht Airgeadais agus Íocaíochtaí na hÉireann (FPAI) tograí a thabhairt chun cinn maidir le cúnamh taca do bhearta fiontraíochta a fhágfaidh Éire chun tosaigh i gcúrsaí FinTech, a bheidh ina mbunús le caidreamh agus plé struchtúrtha leis na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí cuí.</i></p>

28	<p>Bíonn an-éifeacht le misin trádála a mbíonn Aire i gceannas orthu ach ba cheart iarracht níos fearr a dhéanamh caidreamh a cheangal leis an lucht tionsclaíochta le linn na pleanála.</p> <p><i>Faoi Bheart #2 de Phlean Gníomhaíochta 2016, tá leagtha amach go ndéanfaidh Grúpa Comhordúcháin na hEarnála Poiblí maidir le IFS comhordú leis an gCoiste Comhairle Tionscail agus le geallsealbhóirí eile sa tionscal d'fhonn cur oiread agus is féidir leis an bpleanáil straitéiseach ar dheiseanna bolscaireachta agus margaíochta d'earnáil IFS na hÉireann.</i></p> <p><i>Bíonn caidreamh go rialta ar an ábhar seo idir an earnáil phoiblí agus an tionscal, agus coinnítear féilire d'imeachtaí agus de chuairteanna atá dírithe ar an réimse idirnáisiúnta ar fáil a ndéanann an dá thaobh leasú go tráthrialta air.</i></p>
29	<p>Ní mór taighde a dhéanamh d'fhonn tuiscint a fháil ar na réimsí nua teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn san earnáil seo. Ba chóir d'ionaid taighde díriú ar cheisteanna íocaíochta agus comhlíonta. D'fhéadfaí Éire a chur chun tosaigh mar thír ina nglactar go luath le teicneolaíocht nua. Bealaí a scrúdú ina bhféadfaí cúnamh taca a thabhairt do chomhlachtaí nua teicneolaíochta agus d'Fhiontair Bheaga agus mheánmhéide sa réimse seo.</p> <p><i>Táthar ag díriú air seo trí bhearta #29, #31 agus #34 - #39 de Phlean Gníomhaíochta 2016.</i></p>
30	<p>Seifteanna a scrúdú trína dtabharfaí cúnamh d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide bogearraí nua nó réimse teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn le húsáid i mbainc a cheadú ionas nach gá do na bainc dul tríd an bpróiseas sin. Mar shampla, an féidir próiseas creidiúnaithe a thabhairt isteach lena gcuirfí bailíocht le teicneolaíocht de chineál nua a bhfuil na caighdeáin riachtanacha á mbaint amach leis?</p>
31	<p>Caidreamh a chothú idir earnáil an oideachais agus earnáil na tionsclaíochta agus eolas a fháil faoina bhfuil de dhíth ar lucht tionsclaíochta ó thaobh scileanna. Béim ar bhreis scileanna agus ar oiliúint speisialta i ndáil le cúrsaí comhlíonta agus an dlí.</p> <p><i>Táthar ag díriú air seo i ndáil le Fóram Caidrimh IFS2020 maidir le hOideachas agus Scileanna, an Grúpa Saineolais maidir le Riachtanais Scileanna san Am atá le Theacht, an tAonad Straitéise maidir leis an Margadh Saothair in Solas, na Fóraim Réigiúnacha maidir le Scileanna, obair thaighde atá ar bun ag Skillnets Ltd. agus cláir Finuas.</i></p>
32	<p>D'fhéadfadh Éire a theacht i láthair mar Ionad Údaráis maidir le Comhlíonadh nó mar Mhol Domhanda Comhlíonta. Bheadh gá le hinfheistíocht níos troime ó thaobh ama, díchill agus acmhainní in oideachas sa dlí lena aghaidh sin agus sin dírithe ar thuiscint agus léirmhíniú réimsí toirtiúla rialúcháin.</p> <p><i>Táthar ag díriú air seo trí Phlean Gníomhaíochta 2016, go háirithe Beart #38.</i></p>
33	<p>Tá deis ann Ionad Sárfeabhais a chruthú i gcúrsaí comhlíonta agus caighdeán ard a leagan síos, fanacht chun tosaigh maidir leis na rialacháin nua agus an léirithuisint ar an dlí. D'fhéadfadh an t-ionad sin a bheith ina "lóchrann eolais" ag lucht</p>

	<p>tionsclaíochta in Éirinn, ag eagraíochtaí móra baincéireachta agus ag comhlachtaí idirnáisiúnta maidir le ceisteanna agus eolas a bhaineann le cúrsaí comhlíonta.</p> <p><i>Táthar ag díriú air seo trí Phlean Gníomhaíochta 2016, go háirithe Beart #38.</i></p>
34	<p>Caidreamh a chothú le bainc, comhlachtaí móra idirnáisiúnta agus tionscal na híocaíochta d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna agus na fadhbanna is mó a bhaineann leis an tionscal faoi láthair.</p> <p><i>Táthar ag díriú air seo trí fhórait éagsúla faoi scáth IFS2020, ina measc Plean Gníomhaíochta 2016, go háirithe Beart #38.</i></p>
35	<p>[Athlua atá anseo ar Mholadh 29].</p>
36	<p>Caidreamh a chothú idir earnáil an oideachais agus lucht tionsclaíochta agus eolas a fháil ar an ní atá de dhíth ar lucht tionsclaíochta ó thaobh scileanna. Díriú ar bhreisoiliúint ó thaobh scileanna agus ar oiliúint speisialtóireachta maidir le cúrsaí comhlíonta agus an dlí.</p> <p><i>Táthar ag díriú go cuimsitheach air seo cheana féin i ndáil le Fóram Caidrimh IFS2020 maidir le hOideachas agus Scileanna, an Grúpa Saineolais maidir le Riachtanais Scileanna san Am atá le Theacht, an tAonad Straitéise maidir leis an Margadh Saothair in Solas, na Fórait Réigiúnacha maidir le Scileanna, obair thaighde atá ar bun ag Skillnets Ltd. agus cláir Finuas.</i></p>
	<p>TFC</p>
37	<p>Tá cúnaimh maith ar fáil do chomhlachtaí beaga agus do chomhlachtaí nuathionscanta in earnáil TFC ach ní mór níos mó a dhéanamh maidir le hathrú scála ón gcomhlacht beag go dtí an comhlacht meánmhéide.</p>
38	<p>Ní mór béim níos mó a chur ar dhaoine cumasacha a mhealladh agus lucht eisimirce a thabhairt ar ais</p>
39	<p>Ní mór leas níos fearr a bhaint as deiseanna meantóireachta chun inniúlacht breise a chothú i measc an dream oibre cumasach atá ar fáil faoi láthair</p>
40	<p>Ba cheart béim níos mó a leagan ar phíblíne cumais a fhorbairt trí thionscnaimh de leithéid coder-dojos.</p>

41	Ní mór béim níos mó a leagan ar a mbeadh le tairiscint i ndáil le hOlltíomsú Sonraí agus Idirlíon na nEarraí.
Déantúsaíocht	
42	Ba cheart grúpaí fócais idir an stát agus lucht tionsclaíochta a chruthú d'fhonn foghlaim in éineacht faoin sárchleachtas i dtíortha thar lear.
43	Ba chóir comharobair níos forleithne a spreagadh i réimse an tionsclaíochta trí mhalartú eolais, Taighde & Forbairt (go háirithe le forais 3ú Leibhéal) agus i gcnuasaigh (cnuasaigh ceannacháin, cnuasaigh deiseanna margaidh etc.)
44	Ba chóir béim níos troime a leagan ar fhoghlaim ó thíortha eile a bhfuil athbheochan déanta acu ar earnáil na déantúsaíochta le tamall de bhlianta anuas e.g. Singeapór, an Ríocht Aontaithe, agus an Ghearmáin.
Comhlachtaí Nuathionscanta	
45	Ba cheart caidreamh seachtrach a leathnú níos faide ná an diaspóra reatha go dtugtar faoina scáth an dara diaspóra (daoine a chuaigh faoi oideachas in Éirinn a bhfuil baint anois acu le tionscal i margadh ábhartha ó thaobh tíreolaíochta) agus lucht aitheantais chomhaltaí den GIN féin i réimsí gnó nó an teaghlaigh
46	Tairseach/bunachar sonraí a fhorbairt a mbeadh eolas próifíle faoi leith ag gabháil leis ionas go bhféadfadh comhaltaí de chuid an GIN roghanna sonracha a dhéanamh, seachas eolas leanúnach neamhshonrach a theacht chucu, agus cuardach a chaomhchóiriú i ndáil le scileanna agus taithí de chineálacha sonracha is féidir a thabhairt ansin leis na riachtanais atá ag comhlachtaí in Éirinn.
Taighde & Nuáil	
47	Ní mór iarrachtaí a dhéanamh deiseanna a scrúdú a bhaineann le cónascadh idir tionscail agus réimsí léinn faoi leith – e.g. leigheas agus teicneolaíocht dhigiteach sláinte, TE agus déantúsaíocht.
48	Tar éis deontais daonchairdis le gairid, d'fhéadfadh Éire dul i gceann an róid maidir le taighde ar néaltrú.
49	Maidir le bainistíocht ar chóras cúram sláinte, moladh déanamh de réir an mhúnla LEAN i dtionscal na déantúsaíochta trí, mar shampla, innealtóirí LEAN a fhostú in ospidéal agus gnéithe de na próisis déantúsaíochta a chur i bhfeidhm maidir leis an gcóras cúram sláinte.
50	Táthar ag éileamh go sonrach ina leith sin go ndéanfadh lucht tionscail rannpháirtíochta agus comharoibriú i ndáil leis an bpróiseas seo.



Caidreamh agus plé ag Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath

Aguisín 1: An Clár

Dé hAoine, an 20 Samhain

- 8.30 r.n. Teach na Rannpháirtithe agus Clárú don Fhóram, Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath (Bealach Isteach Gheata Shráid an Pháláis)
- 9.00 r.n. Fáilte ó Chathal Ó Flanagáin Uasal, T.D., an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Ócáidí Comórtha 2016 - Cur i láthair le Físeán
Aitheasc Oscailte ón Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh Uasal, T.D.
Máistreás Searmanais: Fionnuala Sweeney, Craoltóir & Iriseoir
- 9.30 r.n. Tráchtaireacht le Dara Ó Briain
- 9.45 i.n. Seisiún Iomlánach tosaigh le plé painéil faoi mhodhnóireacht

<i>'Fiontraíthe Éireann – Forás Fáistine' – Printworks</i>		
Modhnóireacht: Conall Ó Móráin, Bainisteoir Stiúrtha, The Media Group. Láithreoir, Sunday Business Show Today FM		
Lauren Boyle	Cailín Digiteach Eorpach na Bliana	Éire
Damien Kennedy	Bunaitheoir, Whey Hey, IIBN	An Bhreatain
Mary McKenna	Fiontraí i gcúrsaí Teicneolaíochta & Comhbhunaitheoir, Northern Ireland Science Park	An Bhreatain
Connor Murphy	Bunaitheoir, Datahug	An Ghearmáin
Iseult Ward	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin & Bunaitheoir, Foodcloud	Éire
Roimh an Díospóireacht Painéil, déanfaidh Risteárd de Briotún Uasal, T.D., An tAire Post, Fiontar & Nuálaíochta cur i láthair gairid. Déanfaidh an tAire de Briotún caint ag deireadh an tseisiúin chomh maith.		

- 11.15 r.n. Deireadh leis an Seisiún Iomlánach - Deis Caidrimh
- 11.45 r.n. Aitheasc ó Chathal Ó Flanagáin Uasal, T.D., an tAire Gnóthaí Eachtracha & Trádála
- 12.00 'An Fóram go dtí seo.....' – Cur i láthair le Físeán
- 12.05 i.n. Cur i láthair le David McWilliams
- 12.20 i.n. Lón Caidrimh (Ionad: Halla Bedford)
- 1.50 i.n. Aitheasc le Joan Burton Uasal, T.D., Tánaiste agus Aire Coimirce Sóisialaí
- 2.05 i.n. Seisiún Iomlánach le plé painéil faoi mhodhnóireacht

<i>'Ionad na hÉireann in Eacnamaíocht an Domhain' – Printworks</i>		
Modhnóireacht: Seán Whelan, RTÉ		
Avril Conroy	Stiúrthóir Diolacháin Réigiúnach,, Rosneft	An Rúis
Irial Finan	Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, Coca-Cola US	SAM
Niall FitzGerald	Cathaoirleach, The Leverhulme Trust	An Bhreatain
Ann B. Kelleher	Leas-Uachtarán TMG, Intel US	SAM
Martin Shanahan	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland	Éire

- 3.30 i.n. Deireadh leis an Seisiún Iomlánach - Deis Caidrimh

3.45 i.n. Tús le Díospóireachtaí Painéil

<i>‘Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta: Éire a Thabhairt i Láthair sa Ré atá Romhainn’ - Halla Naomh Seoirse</i>		
Modhnóireacht: Susan Hayes Culleton, The Positive Economist		
Simon Harris, T.D.	An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta maidir le hOifig na nOibreacha Poiblí, an Soláthar Poiblí & Baincéireacht Idirnáisiúnta	Éire
Susan Dargan	Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, State Street	Éire
Declan Hegarty	Bainisteoir Ginearálta, JP Morgan	AÉA
Colm Lyon	Bunaitheoir & POF, Fire Financial Services	Éire
Carol Ward	Príomhoifigeach Oibriúcháin, Man GLG	An Bhreatain

<i>‘Oideachas Idirnáisiúnta: Craobhchóras do Alumni Choláistí na hÉireann’ – An tIonad Comhdhála</i>		
Modhnóireacht: Joe O’Toole		
Jan O’Sullivan, T.D.	An tAire Oideachais agus Scileanna	Éire
Kingsley Aikins	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Diaspora Matters	Éire
Margaret Molloy	CMO, Siegel+Gale	SAM
Orna Ní Chionna	Stiúrthóir, Royal Mail Holdings plc agus Comhalta Boird, Said Business School, Oxford University	An Bhreatain
Patrick Prendergast	Propast, Coláiste na Tríonóide	Éire

<i>‘Gnó an Diaspóra: Neart le Chéile’ – Halla Phádraig Naofa</i>		
Modhnóireacht: Norah Casey, Harmonia		
Séamas Ó Duibhneacháin, T.D.	An tAire Stáit maidir le Gnóthaí an Diaspóra	Éire
Niamh Bushnell	Coimisinéir Bhaile Átha Cliath maidir le Fiontair Nuathionscanta	Éire
John Fitzpatrick	Cathaoirleach, American Ireland Funds	SAM
Clem Garvey	Uachtarán, Network Irelande	An Fhrainc
Ciara Kenny	Eagarthóir, Generation Emigration - Irish Times	Éire
Joanna Murphy	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Connect Ireland	Éire

5.15 i.n. Deireadh le Díospóireachtaí Painéil

- 6.45 i.n. Deis Taistil ag fágáil Óstáin an Fhórait ag dul go Páirc an Chrócaigh.
- 7.15 i.n. Dinnéar an Fhórait in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh (Bealach isteach Ardán Uí Ógáin)

Dé Sathairn, an 21 Samhain

- 9.15 r.n. Teacht na Rannpháirtithe go Caisleán Bhaile Átha Cliath (Printworks)
- 9.30 r.n. Fáilte go dtí na Seisiúin Shainiúla Earnála:
An tArd-Rúnaí Niall Burgess, an Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála agus Julie Sinnamon, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Fiontar Éireann.
- 10.00 r.n. Tús leis na Seisiúin Shainiúla Earnála

Caidreamh le Comhlachtaí Éireannacha (Sraith de Chruinnithe Comhchéime Earnála)

Taighde agus Nuáil - Maoiniú san am atá romhainn d'Obair Thaighde bunaithe ar Dhúshlán in Éirinn

Gnó na Talmhaíochta: Fás go hÁitiúil, Díol ar Mhargaí an Domhain

Eacnamaíocht na Cruthaitheachta: Deis atá le Tapú ar Fud an Domhain a chruthú as Dearthóireacht Éireann 2015

- 12.30 i.n. Lón Caidrimh (Ionad: Halla Bedford)
- 2.00 i.n. Aitheasc le Séamas Ó Duibhneacháin Uasal, T.D., Aire Stáit maidir le Gnóthaí an Diaspóra - 'Bualadh leis an Diaspóra – Smaointe ar an gcaidreamh le Pobal Éireannach an Domhain' (Ionad: Printworks)
- 2.10 i.n. Seisiún Iomlánach

Tuairisc ar na Grúpaí Díospóireachta ag na Seisiúin Shainiúla Éagsúla

Modhnóireacht: Fionnuala Sweeney, Craoltóir & Iriseoir

- 2.45 i.n. 'Comóradh 2016' - Cur i láthair le Heather Humphreys Uasal, T.D., An tAire Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta le John Concannon, Éire 2016
- 3.30 i.n. Deis Caidrimh
- 3.45 i.n. Cur i láthair:

'10 Milliún cúis le hArdaidhmeanna a chur Romhainn'

Danny McCoy

Ibec

<i>‘Éifeacht Gnóthachtála in Éirinn’</i>	
Ian Robertson	Ollamh le Siceolaíocht, Coláiste na Tríonóide

4.00 i.n. An Seisiún Iomlánach Deiridh

<i>‘An 100 Bliain seo Romhainn – Athshamhlú na Fáistine: Buanseasmhacht & Rachmas’ – Printworks</i>		
Modhnóireacht: Áine Lawlor, RTÉ		
Liam Casey	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, PCH	SAM
Susan Davis	Cathaoirleach agus Tionscnóir, Susan Davis International	SAM
Aengus Kelly	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Aer Cap Holding N.V.	An Ísiltír
Hildegarde McCarville	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Veolia	An Ísiltír

5.10 i.n. Aitheasc le Joanne O’Riordan, Ógánach Sárshuntasach an Domhain 2015